Réamhrá

Féile náisiúnta is ea Rith, agus mar is dual d'fhéilte bíonn an ceol mar chuid lárnach de. Cumadh amhrán speisialta i gcomhair Rith 2010; bíonn ceol agus amhráin á chasadh nuair a bhíonn an fhéile ar siúl sa cheantar, agus sa chomórtas cumadóireachta iarrtar ar dhaoine óga amhrán nua a chumadh i gcomhair Rith 2012, amhrán a bheidh le cloisteáil á sheinm ar fud na tíre le linn na féile seans.

Tá roinnt smaointe thíos mar thúsphointe chun modúl oibre a bhunú ar Rith 2012 agus **scileanna éisteachta, cumadóireachta** agus **casaidh** a chur chun cinn.

Tá an obair seo dírithe ar scoláirí san idirbhliain, ach tá ceangal láidir idir na smaointe thíos agus gnéithe de shiollabais an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta. Ba dheas go mbeadh deis ag na scoláirí uile taithí dearfach a bheith acu leis an gceol trí thionscnamh bunaithe ar Rith 2012, fiú muna bhfuil siad ag gabháil don cheol mar ábhar scrúdaithe, nó muna bhfuil an ceol mar rogha sa scoil.

An phríomhaidhm atá ann ná na daltaí a chur ag smaoineamh faoi éifeacht **Amhrán Rith 2010** atá spreagúil, spórtúil, spraiúil; na tréithe a bhaineann le hamhrán éifeachtach a aithint agus ansin na tréithe sin a úsáid le hamhrán dá gcuid féin a chumadh.

Cuspóirí

Éisteacht:

- Tábhacht na rithime a meas agus a scrúdú
- Cur síos a dhéanamh ar an rithim san amhrán
- Stíleanna ceoil a scrúdú
- Tábhacht an chúrfá sa cheol a mheas
- Tréithe an chúrfá a aithint.

Canadh:

- Go mbainfeadh na daltaí taitneamh agus tairbhe as an amhrán a chanadh agus a sheinm le chéile.

Cumadh:

- Go mbainfeadh na daltaí úsáid as a bhfuil foghlamtha acu ón éisteacht, le hamhrán dá gcuid féin a chumadh.

Scríbhneoireacht an Cheoil:

- Do na dalta a bhfuil ceol déanta acu mar ábhar don Teastas Sóisearach, go mbainfeadh siad úsáid as an eolas atá acu ar scór ceoil le scagadh a dhéanamh ar an scór d'Amhrán Rith 2010.

Ag teastáil

- Pacáiste Rith 2012
  - Ábhar do dhaltaí > Bileog Ceoil don Idirbhliain
  - Amhrán Rith 2012: Físeán, Comhad fuaime (mp3) agus Scór

Cur chuige: Éisteacht

1. Cuir na daltaí ag máirseáil ar an spota. Tabhair buille luais dóibh ag an tús agus lig dóibh leanúint ar aghaidh ar feadh 30 soicind. Cuir stop leo. Ansin cuir **Amhrán Rith 2010** á sheinm agus iarr orthu máirseáil a dhéanamh in am leis an cheol. Iarr orthu cén difear a dhéanann an ceol don mháirseáil. Cuir ag smaoineamh iad faoi

- rang aeróbacha a dhéanamh le ceol/gan cheol,
- rang rothlaim (spinning) ar rothair a dhéanamh le ceol/gan cheol.
- Cuir ag canadh Ding Dong Dederó iad chun an phointe chéanna a dhéanamh.

2. Cuir na daltaí ag éisteacht le **Amhrán Rith 2010**. Bailigh smaointe faoin rithim san amhrán:

- Na huirlisí rithime (cnaguirlisí agus eile) atá le cloisteáil
- Am-chomhartha an amhráin
- Tábhacht na bhfocal i gcruthú na rithime
- Tábhacht na ríme sna focail
- Sioncóipiú mar thréith den rithim sa cheol uirlise
- Tábhacht an churfá san athrú rithime.

3. Spreag na daltaí le cineálacha ceoil a thaitníonn leo a lua, m.sh: *ceol clasaiceach; ceol rac; popcheol; rap; snagcheol; ceol eaglasta srl*, agus tréithe na stíleanna seo a aithint:

- *Uirlisí coitianta*
- *Tonúlachtaí coitianta – mór, mion, módúil*
- *Mothú an cheoil*
- *Luas an cheoil*
- *Rithimí an cheoil*
- *Téamaí coitianta sna focail srl*

Aithin agus ainmnigh na stíleanna atá san amhrán, agus na tréithe a bhaineann leis na stíleanna sin.

4. Iarr orthu smaoineamh faoi thábhacht an churfá in amhráin choitianta, m.sh. *Ireland's Call*.

5. Tagann athrú iomlán ar an cheol sa churfá. Spreag na daltaí chun na hathruithe seo a aithint, trí a n-aird a dhíriú ar:

- *Guthanna*
- *Uirlisí*
- *Séis athraithe*
- *Réimse na nótaí*
- *Focail*

Cur chuige: Canadh

- Cuir na daltaí ag canadh an churfá le chéile.
- Iarr orthu aithris a dhéanamh ar cheann de na huirlisí atá á sheinm nuair a chluineann siad í.
- Iarr ar dhaltaí aonair na véarsaí a chanadh – dalta éagsúil i ngach véarsa.

Cur chuige: Cumadh

Cuir na daltaí a chur i ngrúpaí beaga ilchumais (cumais mheasctha) agus taithí éagsúla i ngach grúpa.

- Ag tosú leis an churfá, iarr ar gach grúpa dhá líne d'fhocail shimplí a chumadh a oibreoidh mar churfá san amhrán.
- Iarr orthu na tréithe a bhíonn éifeachtach a chur san áireamh.
- Iarr orthu rithim a chur leis na focail seo.
- Bíodh duine amháin i ngach grúpa i bhfeighil ar chnaguirlis (féindéanta nó fíoruirlis) a sheinm go rithimiúil sa churfá.
- Roghnaíodh gach grúpa séis shimplí don churfá.
- Cum focail do na véarsaí.
- Roghnaigh stíl cheoil éagsúil don véarsa.
- Cuir séis leis na focail.
- Ag baint úsáide as uirlisí féindéanta nó fíoruirlisí, seinneadh daltaí ceol le dul leis an chanadh.
- Bíodh ceolchoirm ranga ann leis na hamhráin a chur os comhair an ranga.
- Roghnaigh an t-amhrán is fearr, nó níos mó ná ceann amháin. Déan taifeadadh air (orthu) agus cuir isteach ar **Chomórtas Cumadóireachta Rith 2012**. Tuilleadh eolais ar www.rith.ie/comortais.

Cur Chuige: Scríbhneoireacht an Cheoil

- Déan staidéar ar an scór – le híoslódáil ón bpacáiste scoile.
- Tabhair an Bhileog Oibre do na daltaí agus lig dóibh na ceisteanna a fhreagairt i ngrúpaí.

Tuilleadh eolais agus acmhainní

www.rith.ie	Tuilleadh eolais faoi Rith 2012, conas páirt a ghlacadh, comórtais srl.
http://comhaltas.ie/music/lang/ga	Suíomh Chomhaltas Ceoltóirí Éireann ar a bhfuil comhaid fuaime, físeáin agus eolas faoin gceol traidisiúnta agus na huirlisí traidisiúnta.
www.cogg.ie	Téarmaí Ceoil trí Ghaeilge Nótaí do mhúinteoirí Ceoil